# AN IONSTRAIM CHRÍOCHNAITHEACH

FA/TR/EU/HR/ga 2

# I. TÉACS NA hIONSTRAIME CRÍOCHNAITHÍ

1. Tá na Lánchumhachtaigh:

ÓNA SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA BULGÁIRE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA SEICE,

ÓNA SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA hEASTÓINE,

Ó UACHTARÁN NA hÉIREANN,

Ó UACHTARÁN NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ,

ÓNA SHOILSE RÍ NA SPÁINNE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA CRÓITE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA hIODÁILE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA CIPIRE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA LAITVIA,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA LIOTUÁINE,

ÓNA MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA hUNGÁIRE,

Ó UACHTARÁN MHÁLTA,

ÓNA SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE,

Ó UACHTARÁN CÓNAIDHME PHOBLACHT NA hOSTAIRE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA POLAINNE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE,

Ó UACHTARÁN NA RÓMÁINE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA SLÓVAICE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA FIONLAINNE,

Ó RIALTAS RÍOCHT NA SUALAINNE,

ÓNA SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE
AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

Ag teacht le chéile dóibh sa Bhruiséil, an naoú lá de mhí na Nollag an bhliain dhá mhíle agus a haon déag ar shíniú an Chonartha idir Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (Ballstáit an Aontais Eorpaigh) agus Poblacht na Cróite, i dtaobh aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach

Tar éis a thabhairt dá n-aire gur tarraingíodh na téacsanna seo a leanas suas agus gur glacadh iad sa Chomhdháil idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na Cróite i dtaobh aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach:

I. an Conradh idir Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (Ballstáit an Aontais Eorpaigh) agus Poblacht na Cróite i dtaobh aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach ("an Conradh Aontachais" anseo feasta);

II. an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Cróite agus na n-oiriúnuithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ("an Ionstraim Aontachais" anseo feasta);

III. na téacsanna a liostaítear anseo thíos a ghabhann leis an Ionstraim Aontachais:

A. Iarscríbhinn I: Liosta na gcoinbhinsiún agus na bprótacal lena n-aontaíonn Poblacht na Cróite amhail ón aontachas (dá dtagraítear in Airteagal 3(4) den Ionstraim Aontachais),

Iarscríbhinn II: Liosta de na forálacha de chuid *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh agus de na gníomhartha atá ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, a bheidh ina gceangal ar Phoblacht na Cróite agus infheidhme inti amhail ar an aontachas (dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Ionstraim Aontachais)

Iarscríbhinn III: Liosta dá dtagraítear in Airteagal 15 den Ionstraim Aontachais: oiriúnuithe ar ghníomhartha a ghlac na hinstitiúidí,

Iarscríbhinn IV: Liosta dá dtagraítear in Airteagal 16 den Ionstraim Aontachais: buanfhorálacha eile,

Iarscríbhinn V: Liosta dá dtagraítear in Airteagal 18 den Ionstraim Aontachais: bearta idirthréimhseacha,

Iarscríbhinn VI: Forbairt tuaithe (dá dtagraítear in Airteagal 35(2) den Ionstraim Aontachais),

Iarscríbhinn VII: Tiomantais shonracha a ghlac Poblacht na Cróite uirthi féin le linn na caibidlíochta aontachais (dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 36(1) den Ionstraim Aontachais),

Iarscríbhinn VIII: Tiomantais a ghlac Poblacht na Cróite uirthi féin maidir le hathstruchtúrú thionscal longthógála na Cróite (dá dtagraítear sa tríú fomhír d'Airteagal 36(1) den Ionstraim Aontachais),

Iarscríbhinn IX: Tiomantais a ghlac Poblacht na Cróite uirthi féin maidir le hathstruchtúrú earnáil na cruach (dá dtagraítear sa tríú fomhír d'Airteagal 36(1) den Ionstraim Aontachais);

B. Prótacal maidir le socruithe áirithe a bhaineann le haonaid mhéid shannta a eisíodh faoi Phrótacal Kyoto a d'fhéadfaí a aistriú chuig Phoblacht na Cróite ar bhonn aonuaire, maille leis an gcúiteamh gaolmhar;

C. na téacsanna sa Chróitis den Chonradh ar an Aontas Eorpach, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus téacsanna na gConarthaí á leasú nó á bhforlíonadh, lena n-áirítear an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, an Conradh i dtaobh aontachas na Poblachta Heilléanaí, an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, an Conradh i dtaobh aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne, an Conradh i dtaobh aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice agus an Conradh i dtaobh aontachas Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine.

2. Tá na hArdpháirtithe Conarthacha tar éis teacht ar chomhaontú polaitiúil maidir le sraith oiriúnuithe is gá de thoradh an aontachais ar ghníomhartha a ghlac na hinstitiúidí agus iarrann siad ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún na hoiriúnuithe sin, a chríochnófar agus a thabharfar cothrom le dáta de réir mar is gá d'fhonn éabhlóid dhlí an Aontais a chur san áireamh, a ghlacadh roimh an aontachas i gcomhréir le hAirteagal 50 den Ionstraim Aontachais, dá dtagraítear in Airteagal 3(4) den Chonradh Aontachais.

3. Gabhann na hArdpháirtithe Conarthacha orthu féin gach faisnéis is gá maidir le cur i bhfeidhm na hIonstraime Aontachais a chur in iúl don Choimisiún agus dá chéile. I gcás inar gá, soláthrófar an fhaisnéis sin in am trátha roimh dháta an aontachais chun gur féidir an Ionstraim Aontachais a chur i bhfeidhm go hiomlán ó dháta an aontachais, go háirithe a mhéid a bhaineann le hoibriú an mhargaidh inmheánaigh. Sa chomhthéacs seo, tá sé rí-thábhachtach go ndéanfaí, faoi Airteagal 47 den Ionstraim Aontachais, na bearta arna nglacadh ag Poblacht na Cróite a chur in iúl go luath. Féadfaidh an Coimisiún a chur in iúl do Phoblacht na Cróite an tráth faoinar iomchuí leis faisnéis shonrach a fháil nó a sheoladh .

Faoi cheann lá seo an tsínithe, soláthraíodh liosta do na hArdpháirtithe Conarthacha ina leagtar amach na hoibleagáidí faisnéise i réimse na tréidliachta.

4. Thug na Lánchumhachtaigh dá n-aire na Dearbhuithe seo a leanas a rinneadh agus atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo:

A. Dearbhú Comhpháirteach ó na Ballstáit láithreacha

Dearbhú Comhpháirteach maidir le forálacha de chuid acquis Schengen a chur i bhfeidhm go hiomlán

B. Dearbhú Comhpháirteach ó Bhallstáit láithreacha éagsúla

Dearbhú Comhpháirteach ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus ó Phoblacht na hOstaire maidir le saorghluaiseacht oibrithe: An Chróit

C. Dearbhú Comhpháirteach ó na Ballstáit láithreacha agus ó Phoblacht na Cróite

Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gCiste Eorpach Forbraíochta

D. Dearbhú ó Phoblacht na Cróite

Dearbhú ó Phoblacht na Cróite maidir leis an socrú idirthréimhseach chun margadh thalamh talmhaíochta na Cróite a léirscaoileadh

5. Thug na Lánchumhachtaigh dá n-aire an Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cróite maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin chun cinntí áirithe a ghlacadh agus le haghaidh beart eile atá le déanamh i rith na tréimhse roimh an aontachas agus atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo.

# II. DEARBHUITHE

## A. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH Ó NA BALLSTÁIT LÁITHREACHA

### Dearbhú Comhpháirteach maidir le forálacha de chuid *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm go hiomlán

Tuigtear i leith na nósanna imeachta comhaontaithe lena ndéanfaidh Poblacht na Cróite forálacha uile *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm go hiomlán amach anseo – mar a áireofar iad sa Chonradh i dtaobh aontachas na Cróite leis an Aontas ("Conradh Aontachais na Cróite") - go bhfuil siad gan dochar don chinneadh a bheidh le déanamh ag an gComhairle le haghaidh chur i bhfeidhm iomlán fhorálacha *acquis* Schengen i bPoblacht na Bulgáire agus na Rómáine agus nach bhfuil aon impleachtaí ag roinnt leo don chinneadh sin.

Déanfar an cinneadh ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm iomlán fhorálacha *acquis* Schengen sa Bhulgáir agus sa Rómáin ar bhonn an nós imeachta a leagtar síos i ndáil leis sin sa Chonradh i dtaobh aontachas na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas agus de réir na gConclúidí ón gComhairle an 9 Meitheamh 2011 maidir leis an bpróiseas meastóireachta ar staid ullmhachta na Bulgáire agus na Rómáine chun forálacha uile *acquis* Schengen a chur chun feidhme a thabhairt chun críche.

Ni dhéantar oibleagáid dhlíthiúil in aon chomhthéacs eile seachas comhthéacs Chonradh Aontachais na Cróite a chruthú leis na nósanna imeachta comhaontaithe lena ndéanfaidh an Chróit forálacha uile *acquis* Schengen – mar a áireofar iad i gConradh Aontachais na Cróite– a chur i bhfeidhm go hiomlán amach anseo.

## B. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH Ó BHALLSTÁIT LÁITHREACHA ÉAGSÚLA

### Dearbhú Comhpháirteach ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus ó Phoblacht na hOstaire maidir le saorghluaiseacht oibrithe: An Chróit

Maidir le foclaíocht mhír 12 de na bearta idirthréimhseacha maidir le saorghluaiseacht oibrithe faoi Threoir 96/71/CE in Iarscríbhinn V, Roinn 2, a ghabhann leis an Ionstraim Aontachais, tuigtear do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus do Phoblacht na hOstaire i gcomhaontú leis an gCoimisiún go gciallaíonn sí go bhféadfaidh 'réigiúin áirithe' an chríoch náisiúnta iomlán a chuimsiú freisin, i gcás inarb iomchuí.

## C. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH Ó NA BALLSTÁIT LÁITHREACHA AGUS Ó PHOBLACHT NA CRÓITE

### Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gCiste Eorpach Forbraíochta

Aontóidh Poblacht na Cróite don Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) amhail ón dáta a dtiocfaidh an Creat Comhair Airgeadais Ilbhliantúil nua i bhfeidhm tar éis di aontú don Aontas agus ranníocfaidh sí leis amhail ón 1 Eanáir den dara bliain féilire tar éis dháta a haontachais.

## D. DEARBHÚ Ó PHOBLACHT NA CRÓITE

Dearbhú ó Phoblacht na Cróite maidir leis an socrú idirthréimhseach
chun margadh thalamh talmhaíochta na Cróite a léirscaoileadh

Ag féachaint don socrú idirthréimhseach i ndáil le fáil thalamh talmhaíochta i bPoblacht na Cróite ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha ó AE/LEE, mar a fhoráiltear dó in Iarscríbhinn V den Ionstraim Aontachais,

Ag féachaint don fhoráil lena n-ordaítear go ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh, ar Phoblacht na Cróite é sin a iarraidh, i dtaobh an idirthréimhse seacht mbliana a shíneadh ar feadh tréimhse trí bliana, ar an gcoinníoll go bhfuil go leor fianaise ann, ar dhul in éag don idirthréimhse seacht mbliana, go mbeidh suaitheadh tromchúiseach, nó baol suaithe thromchúisigh ar mhargadh thalamh talmhaíochta Phoblacht na Cróite,

Dearbhaíonn Poblacht na Cróite, más rud é go gceadófar an síneadh thuasluaite ar an idirthréimhse, go ndéanfaidh sí a dícheall na céimeanna is gá a thógáil chun fáil thalamh talmhaíochta sna ceantair shonraithe a léirscaoileadh roimh dhul in éag don tréimhse sheasta trí bliana.

# III. MALARTÚ LITREACHA IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS POBLACHT NA CRÓITE MAIDIR LE NÓS IMEACHTA FAISNÉISE AGUS COMHAIRLIÚCHÁIN CHUN CINNTÍ ÁIRITHE A GHLACADH AGUS LE hAGHAIDH BEART EILE ATÁ LE DÉANAMH I RITH NA TRÉIMHSE ROIMH AN AONTACHAS

Litir Uimh. 1

A Chara,

Tá sé d'onóir agam tagairt don cheist maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin chun cinntí áirithe a ghlacadh agus le haghaidh beart eile atá le déanamh i rith na tréimhse roimh aontachas do thíre leis an Aontas Eorpach a tógadh faoi chuimsiú chaibidlíocht an aontachais.

Deimhním leis seo go dtig leis an Aontas Eorpach nós imeachta den sórt sin a chomhaontú, sna téarmaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an litir seo, a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm i ndáil le Poblacht na Cróite amhail ón dáta a ndearbhóidh an Chomhdháil Aontachais go mbeidh an chaibidlíocht aontachais tugtha i gcrích go críochnaitheach.

Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú go bhfuil do Rialtas i gcomhaontú le hinneachar na litreach seo.

Is mise le mórmheas,

**IARSCRÍBHINN**

Nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin chun cinntí áirithe a ghlacadh agus le haghaidh beart eile atá le déanamh i rith na tréimhse roimh an aontachas

I.

1. D'fhonn a áirithiú go mbeidh faisnéis leormhaith ar fáil ag Poblacht na Cróite cuirfear an Chróit ar an eolas faoi aon togra, cumarsáid, moladh nó tionscnamh a bhfuil sé beartaithe gurb é a thiocfadh as nó aisti ionstraimí dlíthiúla ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ionstraimí dlíthiúla ón gComhairle nó ionstraimí dlíthiúla ón Comhairle Eorpach a ghlacadh, tar éis é a sheoladh chuig an gComhairle nó chuig an gComhairle Eorpach.

2. Cuirfear comhairliúchán ar siúl de bhun iarratais réasúnaithe ón gCróit ina leagfar amach go sainráite a leasanna mar chomhalta todhchaí den Aontas agus ina gcuirfidh sé a bharúlacha in iúl.

3. De ghnáth, ní bheidh cinntí riaracháin ina siocair le comhairliúchán.

4. Cuirfear comhairliúchán ar siúl i gCoiste Eatramhach ar a mbeidh ionadaithe ón Aontas agus ón gCróit. Seachas agóid réasúnaithe ón Aontas nó ón gCróit, féadfar comhairliúchán a chur ar siúl i bhfoirm malartaithe teachtaireachtaí trí mheáin leictreonacha, go háirithe maidir le cúrsaí comhbheartais eachtraigh agus slándála.

5. Ar thaobh an Aontais, is iad a bheidh ina gcomhaltaí den Choiste Eatramhach, comhaltaí Choiste na mBuanionadaithe nó daoine a bheidh ainmnithe acu chuige sin. Nuair is iomchuí, féadfaidh sé gurb iad comhaltaí den Choiste Eatramhaich a bheidh ina gcomhaltaí den Choiste Polaitiúil agus Slándála. Déanfar ionadaíocht leordhóthanach ar an gCoimisiún.

6. Beidh rúnaíocht de chúnamh ag an gCoiste Eatramhach, arb éard é rúnaíocht na Comhdhála Aontachais, a choimeádfar ar bun chuige sin.Cuirfear comhairliúchán ar siúl a luaithe a bheidh an réamhobair arna seoladh ar leibhéal an Aontais d'fhonn go nglacfaí na hionstraimí a luaitear i mír 1 tar éis treoirlínte comhchoiteanna a sholáthar chun gur féidir an comhairliúchán sin a shocrú go fóinteach.

8. Má tá deacrachtaí tromchúiseacha ann fós i ndiaidh an chomhairliúcháin, féadfar an cheist a thógáil ar leibhéal aireachta arna iarraidh ar an gCróit é sin a iarraidh.

9. Beidh feidhm ag na forálacha sin thuas, *mutatis mutandis*, maidir le cinntí Bhord Gobharnóirí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

10. Beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar síos sna míreanna thuas freisin maidir le haon chinneadh a ghlacfaidh an Chróit agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na tiomantais a leanann óna stádas mar chomhalta todhchaí den Aontas.

II.

11. Glacfaidh an tAontas agus an Chróit na bearta is gá chun a áirithiú go dtarlóidh aontachas na Cróite leis na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin agus na prótacail dá dtagraítear in Airteagal 3(4), in Airteagal 6(2) agus in Airteagal 6(5) den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Cróite agus na n-oiriúnuithe ar na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe, dá ngairtear "an Ionstraim Aontachais" anseo feasta, i gcomhthráth le teacht i bhfeidhm an Chonartha Aontachais a mhéad is féidir.

12. I dtaca leis na prótacail, dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 6(2) den Ionstraim Aontachais, a chaibidil leis na páirtithe comhchonarthacha, beidh ionadaithe na Cróite comhlachaithe san obair mar bhreathnadóirí in éineacht le hionadaithe na mBallstát láithreach.

13. Féadfaidh comhaontuithe áirithe neamhfhabhair a thug an tAontas i gcrích agus a fhanfaidh i bhfeidhm tar éis dháta an aontachais, a bheith ina n-ábhar oiriúnuithe nó coigeartuithe chun aird a thabhairt ar mhéadú an Aontais. Déanfaidh an Aontas na hoiriúnuithe nó na coigeartuithe sin a chaibidil i gcomhlachas le hionadaithe na Cróite i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 12.

III.

14. Tarraingeoidh na hinstitiúidí suas i dtráth cuí na téacsanna dá dtagraítear in Airteagal 52 den Ionstraim Aontachais. Chuige sin, déanfaidh an Chróit aistriúcháin de na téacsanna sin a sholáthar go tráthúil do na hinstitiúidí.

---

Litir Uimh. 2

A Chara,

Is mian liom a chur in iúl duit go bhfuarthas do litir atá mar a leanas:

> "Tá sé d'onóir agam tagairt don cheist maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh i rith na tréimhse roimh aontachas do thíre leis an Aontas Eorpach a tógadh faoi chuimsiú chaibidlíocht an aontachais.
>
> Deimhním leis seo go dtig leis an Aontas Eorpach nós imeachta den sórt sin a chomhaontú, sna téarmaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an litir seo, a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm i ndáil le Poblacht na Cróite amhail ón dáta a ndearbhóidh an Chomhdháil Aontachais go mbeidh an chaibidlíocht aontachais tugtha i gcrích go críochnaitheach.
>
> Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú go bhfuil do Rialtas i gcomhaontú le hinneachar na litreach seo.".

Tá sé d'onóir agam a dheimhniú go bhfuil mo Rialtas i gcomhaontú le hinneachar na litreach sin.

Is mise le mórmheas,